CAIBIDIL 9

Sóisialta, Pobal, Cultúr, Áineas, Conláiste agus An Ghaeltacht

9.1. Réamhrá

9.1.1. Sa phlean seo meastar gurb ionann an focal 'cultúr' agus na *patrúin iompraíochta a aistrítear ar bhonn sóisialta trí phobal dúchasasch an chontae mar aon le gníomhaíocht intleachtach agus ealaíonta, na healaíona, creidiúintí, institiúidí agus táirgí an phobail siní.* Ag úsáid an sainmhíniú seo tá sé soiléir go bhfuil féiniúlacht chultúrtha an-láidir ag Ciarraí, lena n-áirítear a spórt, litríocht, ceol agus ina cheantair Gaeltachta – a theanga. Tá sé tábhachtach do fhéiniúlacht an chontae agus an daonra go gcosnófar agus go spreagfar an chultúr seo.

9.1.2. Tá i bhfad níos mó i gceist le beartais ná ár gcultúr a chosaint agus a chothú ná an méid is féidir le plean forbartha contae a chomhlíonadh agus trí reachtaíocht pleanála. Mar sin féin, is den tábhacht é go dtacaíonn agus go n-éascaíonn beartais an Phlean Forbartha cosaint agus cur chun cinn ár gcultúr.

9.1.3. Ceann de chuspóirí foriomlána an phlean seo é cáilíocht beatha gach saoránach sa chontae a fheabhsú. Cabhraíonn soláthar áiseanna feiliúnacha sóisialta agus pobail leis an gcuspóir seo a bhaint amach. Ina theannta sin, d'fhéadfadh a leithéid de bheartais cultúr an chontae a chosaint agus a chur chun cinn trí áiseanna a sholáthar d'oideachas agus do thaispeántas.

Cuspóir Uimh.	Sóisialta, Pobal, Cultúr agus An Ghaeltacht
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
SG 9-1	Forbairt áiseanna a chuireann le caipiteal sóisialta na sochaí agus an phobail i gCiarraí a éascú, mar aon le cultúr an chontae a chosaint agus a chur chun cinn ar bhealach inbhuanaithe trí aird ar leith a dhíriú ar an gcomhshaol agus ar oidhreacht nádúrtha agus thógtha an chontae.
SG 9-2	(a) A chinntiú go bhfuil timpeallacht thógtha, seirbhísí agus próisis chinnteoireachta an chontae inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas. (b) Inrochtaineacht agus cúrsaíocht a fheabhsú sa timpeallacht thógtha, lena n-áirítear bóithre, cosáin, conláistí agus reiligí do dhaoine faoi mhíchumas.
SG 9-3	Oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha na gceantar Gaeltachta a chosaint agus an Ghaeilge a chosaint mar theanga pobail.
SG 9-4	Cuimsiú Sóisialta agus comhtháthú chur i bhfeidhm na mbeartas pleanála ar fud an Chontae a chur chun cinn.

9.2. Áiseanna Sóisialta, Pobail agus Cultúrtha

Áiseanna Sóisialta agus Pobail

9.2.1. Tá riachtanais éagsúla seirbhísí agus conláistí ag an bpobal. Soláthraíonn gníomhaireachtaí forbartha áitiúla & pobail, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus boird oideachais, raon seirbhísí don phobal, nó le cuidiú le heagraíochtaí pobail.

9.2.2. Nuair a bhí an plean seo á fhorbairt, mheas an chomhairle na ceisteanna seo a leanas:

- Rannpháirtíocht chuimsitheach agus struchtúrtha i bhforbairt inbhuanaithe.
  - Cuimsiú Sóisialta i soláthar áiseanna agus seirbhísí d'fhonn oideachas ar feadh an tsaoil, sláinte agus cáilíocht beatha a chinntiú.
- Córas cuimsitheach sláinte a sheachadann cúram ar ardchaighdeán ag gach céim den saol.
  - Córas cuimsitheach oideachais a chuireann ar chumas daoine na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn i sochaí nua-aimseartha a fhorbairt.
  - Stíl shláintiúil mhaireachtála, agus forbairt agus rochtain ar áiseanna éagsúla caitheamh aimsire.
- Luach intreach oidhreacht chultúrtha, spórt, teanga, na healaíona agus na heolaíochtaí.

9.2.3. Sa chuid seo, sainmhínítear áiseanna agus conláistí sóisialta mar úsáidí a bhfuil sé mar aidhm leo seirbhís, áis nó conláiste sóisialta a sholáthar. I measc na n-úsáidí den chineál sin, d'fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh: forais oideachais, áiseanna cúraim leanaí, áiseanna sláinte, dánlanna, iarsmalanna, leabharlanna poiblí nó seomraí léitheoireachta poiblí, hallaí nó ionaid taispeántais poiblí, áiseanna caitheamh aimsire laistigh nó lasmuigh nó spásanna agus áiseanna caitheamh aimsire a úsáidtear le haghaidh adhradh poiblí nó teagasc creidimh. D'fhéadfadh buntáiste suntasach a bheith ag baint le húsáidí áirithe don phobal áitiúil agus, dá réir sin, d'fhéadfadh sé a bheith thar a bheith deacair iad a aistriú. Baineann tábhacht ar leith le bunscoileanna agus hallaí pobail mar phointí fócasacha do shaol an bhaile, an tsráidbhaile agus na tuaithe.

9.2.4. Samplaí iad ionaid pobail d'fhoirgnimh le dearadh simplí ina bhfuil áiseanna cóiríochta, le freastal ar riachtanais bhunúsacha raon úsáidí, ar chaighdeán agus ar leibhéal atá ar phraghas réasúnta agus praiticiúil don phobal áitiúil. Bheadh go leor úsáidí éagsúla i gceist anseo lena n-áirítear tionól poiblí; spóirt laistigh agus lasmuigh; taibhiú amharclainne agus ceoil; feidhmeanna oifige agus oiliúna.

Tógann na pobail féin a lán ionad trí obair na gcoistí paróiste agus na gcónaitheoirí. Is iondúil go mbíonn ról lárnach ag eagraíochtaí forbartha áitiúla in a leithéid d'ionaid a chumasú, a mhaoiniú agus a reáchtáil de bhrí go mbreathnaítear orthu mar phríomhphointí d'fhorbairt pobail.

9.2.5. Má chailltear áis shóisialta d'fhéadfadh sé tionchar suntasach a bheith aige ar phobal, go háirithe i gceantair nach bhfuil áiseanna sonraithe eile ann. D'fhonn a chinntiú nach gcailltear áiseanna pobail, ní bheidh an Chomhairle i bhfabhar úsáidí nach dtéann chun leasa an phobail a spreagadh.

Cuspóir Uimh.	Áiseanna Pobail agus Sóisialta
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
SG 9-5	A chinntiú go bhfuil áiseanna nua inrochtana pobail agus sóisialta (lena n-áirítear foirgnimh ilúsáide) ar fáil, áiteanna inar féidir raon seirbhísí a sholáthar, agus áiteanna ar féidir leis an bpobal leas as bhaint astu. Oibriú i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí forbartha áitiúla agus pobail d'fhonn a chinntiú go mbeidh a leithéid d'áiseanna ar fáil amach anseo.
SG 9-6	Áiseanna sóisialta reatha lena n-áirítear sláinte, oideachas agus áiseanna caitheamh aimsire don phobal a chosaint. Straitéis a ullmhú d'fhorbairt infreastruchtúir shóisialta i Mol Thrá Lí / Chill Airne agus é a úsáid mar shamhail chun straitéis contae a fhorbairt.

9.3. Áiseanna na Seirbhíse Sláinte

9.3.1. Go ginearálta, is éard atá sa tseirbhís sláinte seirbhísí a fhreastalaíonn ar riachtanais ghinearálta cothú sláinte agus cúram príomhúil an phobail, riachtanais leanaí agus daoine scothaosta, seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas, seirbhísí meabhairshláinte, géarsheirbhísí agus seirbhísí otharcharranna.

9.3.2. Go ginearálta, tabharfaidh an Chomhairle aird ar na treoracha agus ar an gcomhairle seo a leanas le linn ionad atá i mbun seirbhísí leighis a sholáthar a mheas.

- Riachtanais Pleanáil Spásúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2001-2010.
- An Straitéis Náisiúnta Sláinte
- An Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013
- '*Ageing with Confidence*' Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- An Straitéis Náisiúnta Leanaí.
- Cúram Príomhúil – Treo Nua

Cuspóir Uimh.	Seirbhísí Sláinte agus Éigeandála.
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
SG 9-7	Cóiríocht a sholáthar do na húsáideoirí seo a leanas i gcomhar le *Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*, in ionaid fheiliúnacha Ospidéil agus aonaid altranais phoiblí. Ionaid sláinte, ionaid shóisialta satailíte agus ionad cúraim lae do dhaoine scothaosta. Seirbhísí cúraim leanaí agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh. Ionaid leighis a sheachadann cúram príomhúil. Áiseanna meabhairshláinte don phobal. Áiseanna Cúraim Phríomhúil
SG 9-8	Cóiríocht a sholáthar do sheirbhísí éigeandála lena n-áirítear seirbhísí dóiteáin, seirbhísí tarrthála agus géarchúraim, in ionaid a éascaíonn rochtain agus feidhmiú sábháilte ghréasán na mbóithre.
SG 9-9	Sciath-thithíocht a sholáthar, i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an earnáil dheonach, mar atá leagtha amach sa Straitéis Tithíochta.

9.4. Riachtanais Leanaí, an Óige agus Cúram Leanaí

9.4.1. Beidh tionchar ag leibhéal infhaighteachta agus inrochtaine cúraim leanaí ar phraghas réasúnta agus oiriúnach ar an leibhéal de chuimsiú sóisialta atá ann. Feidhmeoidh easpa a leithéid sin de sheirbhísí mar bhacainn ar pháirt a ghlacadh sa lucht oibre nó leas a bhaint as oideachas, agus ar an tslí sin cur leis an leibhéal míbhuntáiste agus bochtaineachta i measc na ndaoine sin. Tuigeann Comhairle Contae Chiarraí an tábhacht a bhaineann le háiseanna cúraim leanaí a sholáthar i bpobail nua agus reatha mar ghné luachmhar agus riachtanach den infreastruchtúr pobail, ach chomh maith leis sin an tábhacht a bhaineann leis i ndáil le deiseanna fostaíochta a sholáthar agus dul chun cinn eacnamaíoch, mar aon le tacú le comhionannas ina leith sin i dtaobh threoirlínte na Roinne.
Tá méadú le sonrú sa líon teaghlach i gCiarraí a bhfuil an dá thuismitheoir páirteach sa lucht oibre. Is dócha go leanfar leis an treocht náisiúnta de rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa lucht oibre. Iarmhairt amháin a bhaineann leis an treocht seo go bhfuil éileamh níos mó ar sheirbhísí gairmiúla cúraim leanaí. Chuige sin, tá treoirlínte eisithe ag an Rialtas d'Údaráis Phleanála maidir le soláthar áiseanna cúraim leanaí - Childcare Facilities: Guidelines for Planning Authorities (DoEHLG Meitheamh 2001). Áiríonn cúram leanaí soláthar Príomhúil agus Pobail. Sainmhínítear áiseanna cúraim leanaí mar "cúram páirtaimseartha seisiúnach, cúram lae / crèche, cúram iarscoile nó seirbhísí comhtháite". Measfaidh an chomhairle tograí cúraim leanaí ar aon dul le háiseanna cúraim leanaí na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil: Guidelines for Planning Authorities.

9.4.2. Tugadh aitheantas faoi leith do riachtanais leanaí sa Straitéis Náisiúnta Leanaí, '*Our Children- their lives*' (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2000). I ndáil le seachadadh áitiúil na Straitéise seo, luaigh an Bord Forbartha Contae i 'Meitheal Chiarraí' 2002-2011 go ndéanfaidh sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm na straitéise náisiúnta, agus go bhforbróidh sé beartas maidir le clóis súgartha agus áiteanna spraoi don chontae trí chéile. *Chuige seo, d'fhoilsigh Comhairle Contae Chiarraí 'Developing play in Kerry: Countywide policy on the development and management of playgrounds and play areas in public open spaces' (Feabhra 2004). Tá áiteanna spraoi forbartha ag Comhairle Contae Chiarraí i gcomhar le grúpaí pobail i roinnt áiteanna éagsúla agus tá tuilleadh fós beartaithe i rith shaolré an Phlean seo.*

Cuspóir Uimh.	Riachtanais Leanaí, an Óige agus Cúram Leanaí
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
SG 9-10	Áiseanna cúraim leanaí a sholáthar, lena n-áirítear *crèches*, agus naíonraí; áiseanna feiliúnacha, ar ardchaighdeán agus oiriúnach le freastal ar riachtanais chúraim leanaí.
SG 9-11	Soláthar áiseanna cúraim leanaí a éascú i ngaireacht d'eastáit Thionsclaíocha agus páirceanna Gnó, agus suímh eile ina bhfuil líon suntasach daoine ag obair.
SG 9-12	Freastal ar sholáthar áiseanna cúraim leanaí in Ionaid Chomharsanachta; bheadh a leithéid sin d'áiseanna lonnaithe laistigh d'ionaid seirbhíse áitiúla measctha.
SG 9-13	Freastal ar sholáthar áiseanna cúraim leanaí in ionaid atá cóngarach d'áiseanna iompair phoiblí.
SG 9-14	Tacú le soláthar naíolann, áiteanna súgartha laistigh agus lasmuigh, *crèches* agus áiseanna eile do leanaí faoi chúig bliana d'aois go háirithe.
SG 9-15	Obair i gcomhar leis an gCoiste Contae Cúraim Leanaí chun riachtanais cúraim leanaí a aithint, agus freastal ar na riachtanais sin, agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an bheartais phleanála ina leith sin.
SG 9-16	Tacú le hÁiseanna Gníomhacha Caitheamh Aimsire a sholáthar (m.sh. Caiféanna Buail Isteach do Dhaoine Óga) – ag suímh a chuireann caitheamh aimsire agus rannpháirtíocht ghníomhach chun cinn.

9.5. Oidhreacht Chultúrtha, Oideachas agus Áineas

9.5.1. Tá oidhreacht shaibhir agus bheo chultúrtha sa chontae seo. Oidhreacht a áiríonn spórt, teanga, na healaíona agus na heolaíochtaí. Sna réimsí thuasluaite ar fad, tá baint ag an gComhairle le héascú nó cosaint na réimsí éagsúla, trí thalamhúsáid a phleanáil, nó áiseanna agus gnéithe a mbaineann úsáid chultúrtha leo.

9.5.2. Déanfaidh an tÚdarás Pleanála iarracht freastal a dhéanamh ar réimse leathan úsáidí caitheamh aimsire ar mhaithe le freastal ar éileamh, agus ag an am céanna cuirfear an comhthéacs comhshaoil agus cultúrtha san áireamh, mar aon leis an tábhacht a bhaineann le hoidhreacht an chontae mar acmhainn inbhuanaithe a chosaint.

9.5.3. I ndáil leis na hEalaíona, tabharfaidh an Chomhairle aird ar na moltaí atá luaite i bPlean Ealaíon Chiarraí 2007-2012

I ndáil le Spóirt & Caitheamh Aimsire, molann an Chomhairle na moltaí atá le fáil i bPlean Straitéiseach Áitiúil Spóirt Chiarraí

Cuspóir Uimh.	Oidhreacht Chomhshaoil, Cultúrtha agus Áineasa
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
SG 9-17	Iarracht a dhéanamh a chinntiú le linn áiseanna agus taitneamhachtaí a fhorbairt go mbíonn rochtain air, agus tuiscint ar an oidhreacht, mar aon le cinntiú go mbíonn an timpeallacht nádúrtha agus chultúrtha á caomhnú.
SG 9-18	a) Iarracht a dhéanamh rochtain phoiblí ar ghníomhaíocht sna healaíona a éascú ar mhaithe le cáilíocht beatha a fheabhsú; rochtain a fhorbairt ar ghnéithe, láithreáin, amhairc agus iarsmalanna / spásanna ealaíne a bhfuil spéis ar leith iontu, ag comhlíonadh leis na riachtanais chaomhnaithe, sábháilteacht tráchta úsáidí talamh in aice láimhe agus rochtain don uile dhuine. b) Tacú le hiarsmalanna agus spásanna do na healaíona mar acmhainní cultúrtha a chuireann ardchaighdeáin rochtain agus feasacht phoiblí chun cinn. c) Tacú le healaín phoiblí a lonnú ag suímh straitéiseacha, mar chuid den infreastruchtúr poiblí agus scéimeanna tithíochta poiblí trí 'Scéim an Chéatadáin don Ealaín', nó trí thionscnamh ealaín phoiblí ar bith eile
SG 9-19	Dea-chaighdeáin dearaidh san fhearann poiblí a chur chun cinn, i bpleanáil láithreáin agus cóiriú foirgneamh agus spásanna, tírdhreachadh bog agus crua, úsáid dealbh, pábháil agus troscán sráide.

9.5.4. I mbaint amach na cuspóirí thuasluaite déanfaidh an Chomhairle na nithe seo a leanas:

- Dul i gcomhairle le hOifigeach Oidhreachta an Chontae, agus comhlachtaí caomhnaithe ábhartha, maidir le haon togra forbartha a mheasann an Chomhairle éifeacht shuntasach a bheith aige ar ghnéithe a bhfuil spéis iontu i dtaobh cúrsaí oidhreachta.

- Dul i gcomhairle le hOifigeach Ealaíon an Chontae maidir le spásanna ealaíon beartaithe, gnéithe d'ealaín phoiblí, nó aon togra forbartha a mheasann an Chomhairle a mbeidh tionchar suntasach aige ar na healaíona.
- Dul i gcomhairle le Comhordaitheoir Spórt KLSP maidir leis na háiseanna beartaithe taitneamhachta ar fad
- Aird a dhíriú ar bheartais agus ar fhorálacha:
- Plean Ealaíon Chiarraí 2007-2012,
- beartais agus forálacha Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Chiarraí 2008-2012 agus leasuithe ar bith a dhéantar ina dhiaidh sin i ndáil leis an tionchar atá ag forbairt ar na healaíona agus ar oidhreacht go ginearálta.
- Plean Áitiúil Straitéiseach Comhpháirtíochta Chiarraí 2005/2007.
- Scéim Gaeilge 2008-2011.

9.6. Scoileanna, Áiseanna Oideachais agus Leabharlanna.

9.6.1. Áiríonn an Chomhairle an raon leathan saincheisteanna seo a leanas a bhaineann le scoileanna, áiseanna eile oideachais, i ndáil le soláthar cóiríochta agus seirbhísí agus taitneamhachtaí coimhdeacha:

- Dáileadh daonra agus líon teaghlaigh.
- Acmhainn agus bail foirgneamh.
- Míbhuntáiste oideachais agus riachtanais speisialta oideachais.
- Sineirge idir oideachas, taighde agus an geilleagar.
- An buntáiste poitéinseal mar ionaid pobail nó shóisialta.
- Criosú cónaitheach sna pleananna áitiúla ceantair ar fud an chontae.

9.6.2. Tuigeann an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le leabharlanna – leabharlanna príobháideacha agus poiblí san áireamh. Tá an Chomhairle féin freagrach an tseirbhís leabharlainne poiblí. Tá 9 mbrainse ag Seirbhís Leabharlainne Chiarraí, 2 leabharlann shoghluaiste, seirbhís leabharlainne do bhunscoileanna, seirbhís stair áitiúil agus cartlainne, le cois clár uaillmhianach imeachtaí agus taispeántas.

Cuspóir Uimh.	Scoileanna, Áiseanna Oideachais agus Leabharlanna.
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
SG 9-20	Leanúint le forbairt, uasghrádú agus feabhsú an infreastruchtúir leabharlainne.
SG 9-21	Foráil a dhéanamh d'áiseanna nua oideachais, nó síntí ar áiseanna reatha, ar ardchaighdeán agus oiriúnach le freastal ar riachtanais oideachais. Foráil a dhéanamh do spásanna caitheamh aimsire sa timpeallacht scoile
SG 9-22	Foráil a dhéanamh d'áiseanna nua leabharlainne, nó síntí agus athchóiriú áiseanna reatha, ar ardchaighdeán agus oiriúnach le freastal ar riachtanais seirbhísí leabharlainne.

SG 9-23	Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le seirbhísí leabharlainne a fhorbairt m.sh. áiseanna reatha cosúil le hionaid pobail a úsáid.
SG 9-24	Foráil a dhéanamh do riachtanais inbhuanaithe iompair scoileanna
SG 9-25	A chinntiú go mbíonn measúnacht ar áiseanna oideachais sa cheantar le freastal ar mhéadú tuartha sa daonra le hiarratais d'fhorbairtí móra cónaitheacha.

9.7. Gréasáin agus Bealaí Conláiste

9.7.1. Ní mór meas a bheith againn ar thaitneamhachtaí nádúrtha agus cultúrtha an cheantair. Is féidir é seo a bhaint amach trí chóras mealltach agus comhleanúnach cosán, atá saor ó núiseanna lena n-airítear trácht iomarcach feithiclí. Comhchuid thábhachtach de thurasóireacht sa chontae seo iad laethanta saoire siúil, rothaíochta agus turasóirí mála droma. Ag an am céanna tá méadú nach raibh súil leis ag teacht ar an líon carranna ar na bóithre le blianta beaga anuas, rud a chiallaíonn go bhfuil sé ríthábhachtach cosáin a fhorbairt, mar aon le foirmeacha inbhuanaithe turasóireachta.

9.7.2. Féadfar siúlbhealaí agus rotharbhealaí easbhóthair a fhorbairt trí mhodhanna éagsúla, trí chomhaontuithe neamhfhoirmiúla le húinéirí talún, trí chomhaontuithe nó éadáil fhoirmiúil. I gcásanna go leor, leanann siúlbhealaí ceart slí poiblí trí nós agus cleachtas bunaithe.

9.7.3. Tá gréasán fairsing siúlbhealaí fad-achair slímharcáilte, bealaí oilithrigh agus foraoisbhealaí sa chontae lena n-áirítear:

- Slí Bhéara.
- Slí Chiarraí.
- Slí an Daingin.
- Cosán na Naomh.
- Bealach Thuaisceart Chiarraí.
- Bealach na Shionainne.
- Siúlóid na Laoi

Tá na bealaí seo léirithe ar Léarscáil 9.1

9.7.4. Tuigeann an Chomhairle go mbaineann leas suntasach le siúlbhealaí atá forbartha agus coimeádta mar is ceart do gheilleagair na gceantar ina bhfuil siad lonnaithe mar aon le ról luachmhar oideachais, caitheamh aimsire agus caomhnaithe a chomhlíonadh. Tuigeann an Chomhairle nach féidir bealaí den sórt seo a bhunú nó a choimeád gan comhoibriú iomlán úinéirí maoin phríobháideach ar na siúlbhealaí seo.

9.7.5. Tá roinnt rotharbhealaí sa chontae. Is ar bhóithre ciúine tuaithe a bhíonn na bealaí seo, agus tá léarscáileanna agus comharthaí le fáil. Tá scóip ann cur leis an gcoincheap seo i gcodanna eile den chontae, agus cur leis an gcaighdeán soláthair.

9.7.6. Beidh an t-ord tosaíochta seo a leanas i gceist leis na bealaí éagsúla: raonta easbhóthair, bóithre ciúine tuaithe, agus bóithre réigiúnacha agus náisiúnta. I gcás na mbealaí réigiúnacha agus náisiúnta, ba cheart rotharbhealaí, áit ar féidir, a choinneáil glan ó charrbhealaí agus cosáin.

9.7.7. Tá stráicí suntasacha talún ann a úsáideadh mar línte iarnróid tráth. De bhrí gur oibreacha innealtóireachta iad seo a sháraigh constaicí deacra topagrafacha, is ionann iad agus acmhainní, le poitéinseal iad a úsáid mar chonairí do rochtain ar thaitneamhachtaí, limistéir saor ó thrácht mótaraithe, agus b'fhéidir fiú go mbeadh an poitéinseal ann é a úsáid mar líne athchóirithe iarnróid. Beidh sé mar bheartas ag an údarás pleanála smaoineamh ar thograí forbartha sna ceantair seo – gníomhaíochtaí áitiúla oidhreachta agus lasmuigh lena n-áirítear siúlbhealaí caitheamh aimsire a sholáthar.

Cuspóir Uimh.	Gréasáin agus Bealaí Conláiste.
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
SG 9-26	a) Gréasán cosán agus carrchlós ar ardchaighdeán a sholáthar do shiúlóirí, do rothaithe agus do mharcaigh – réimsí nach mbeidh trácht feithiclí ar bith iontu. b) Carrchlós a sholáthar do shiúlóirí cnoc agus dreapadóirí sléibhe ag Corrán Tuathail. c) Carrchlós a sholáthar do dhaoine ag théann ag siúl ag Bealach na Laoi.
SG 9-27	Comhoibriú le comhlachtaí ionadaíocha ar mhaithe le tacú le forbairt, cothabháil agus feabhsú siúlbhealaí ar fud an chontae ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.
SG 9-28	Úsáid fhairsing an cheantair cois cósta a chur chun cinn i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha éagsúla do ghníomhaíochtaí cosúil le turasóireacht, siúl, fálróid ar chapaillíní s.rl. mar acmhainn turasóireachta do chónaitheoirí Chontae Chiarraí agus cuairteoirí eile.
SG 9-29	Forbairt rotharbhealaí a spreagadh agus a éascú ar fud an Chontae i gcomhar le gníomhaireachtaí eile.
SG 9-30	Tacú le ceart slí poiblí gréasán a choinneáil agus iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil na comharthaí cuí ar na bealaí ar fad, go bhfuil siad slímharcáilte agus nach ann do bhacainní ar bith ar na bealaí éagsúla. Iarracht a dhéanamh deiseanna nua a chur chun cinn chun rochtain a fháil ar an tuath, áit ar féidir.
SG 9-31	Cearta slí poiblí agus rochtain ar thaitneamhachtaí traidisiúnta lasmuigh agus oidhreacht a chosaint agus a chaomhnú lena n-áirítear aibhneacha, líne an chladaigh agus acmhainní muirí.

SG 9-32	Na gnéithe seo a leanas a chur chun cinn agus a chosaint: Siúlóidí áitiúla lúbtha. Rochtain ar ghnéithe agus amhairc sainspéise, Siúlóidí dóibh siúd nach bhfuil chomh haclaí sin agus áiseanna do dhaoine faoi mhíchumas, siúlóidí a oireann do theaghlaigh & siúlóidí a oireann dóibh siúd i gcathaoireacha rothaí. Líne Iarnróid Thrá Lí go dtí An Fhianait. Líne Iarnróid Ghleann Beithe go Cathair Saidhbhín
SG 9-33	Rotharbhealaí a chur chun cinn, a éascú agus a chosaint
SG 9-34	Beartas Siúil a fhorbairt do Chontae Chiarraí thar shaolré an phlean seo.



Map 9.1 **Walkways, June 2008**
Draft Slí cosaithe, Meitheamh 2008
Léarscáil Uimh 9.1

9.8. Áiseanna Spóirt / Áineasa

Spás oscailte, áiseanna caitheamh aimsire agus taitneamhachta a fhorbairt, a fhreastalaíonn ar éilimh daonra méadaithe agus a bheidh inrochtaine do gach earnáil agus do gach aoisghrúpa den daonra - gné shuntasach i seachadadh pobal inbhuanaithe. Tuigeann an Chomhairle an ról atá ag spás oscailte ar ardchaighdeán, áiseanna caitheamh aimsire agus taitneamhachta i stíleanna maireachtála sláinte agus gníomhacha maidir le folláine agus cáilíocht beatha an pobail iomláin a chinntiú.

9.8.1. Tá athrú suntasach le tabhairt faoi deara in éileamh agus soláthar áiseanna spórt. Is minic go dteastaíonn láithreáin fhairsinge d'áiseanna spórt agus bíonn a leithéid sin de láithreáin i mbaol de dheasca brú forbartha. D'fhéadfadh go mbeadh áiseanna spórt mífheiliúnach i gceantair áirithe de bhrí chomh mór is a bhíonn siad agus na sluaite a mheallann siad.

9.8.2. Is iondúil go mbeidh an Chomhairle i bhfabhar tograí forbartha d'áiseanna caitheamh aimsire don phobal i láithreáin oiriúnacha.

9.8.3. I ndáil leis an infreastruchtúr cuí, éileoidh an Chomhairle go mbeidh infreastruchtúr feiliúnach ar fáil go háitiúil, nó go mbeidh an t-infreastruchtúr cuí ar fáil roimh thús a chur leis an bhforbairt agus curtha ar fáil de réir chomhaontú pleanála más cuí.

9.8.4. Is iondúil go ndiúltóidh an Chomhairle d'aon togra forbartha a chiallódh go gcaillfí taitneamhacht nó áis reatha, nó d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do sholáthar taitneamhachta mura gcomhlíontar na nithe seo a leanas:

- Bunaíodh an áis nó taitneamhacht mar úsáid eatramhach ag brath ar áis fheabhsaithe nó shásúil a sholáthar,

nó

- Gur féidir leis an iarratasóir a léiriú go bhfuil dóthain éilimh ag an bpobal áitiúil ar an áis reatha, nó malairt áise,

nó

- Gur féidir leis an iarratasóir soláthar sásúil malartach a sholáthar roimh thús a chur le forbairt.

Cuspóir Uimh.	Áiseanna Spóirt agus Áineasa
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
SG 9-35	Éascú a dhéanamh ar áiseanna spóirt le haird á thabhairt ar: • Riachtanais áitiúla caitheamh aimsire, agus caomhnú na timpeallachta cultúrtha agus nádúrtha. • Forálacha agus moltaí na cáipéise beartais "*Developing Play in Kerry*". • Forálacha agus moltaí Plean Straitéiseach Áitiúil Spóirt Chiarraí.

SG 9-36	Iarracht a dhéanamh trí bheartais bainistíochta forbartha an phlean seo talamh feiliúnach a sholáthar do spás oscailte caitheamh aimsire agus taitneamhachta, go sonrach don phobal, agus go ginearálta i nó i ngaireacht do cheantair reatha nó chriosaithe d'úsáid chónaitheach, nó i ngaireacht d'ionaid nódacha pobal tuaithe.
SG 9-37	Áiseanna spórt a chosaint mar aon le taitneamhachtaí a mbaineann luach soléirithe leo sa phobal
SG 9-38	Rochtain agus áiseanna páirceála feiliúnacha a sholáthar ag Tránna sa chontae a bhfuil Bratach Ghorm acu.

9.9. An Ghaeltacht & An Ghaeilge

Oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga pobail – rud atá luaite mar chuspóir éigeantach sa phlean forbartha de réir Alt 10 den Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000. Ceist chasta é cur chun cinn agus caomhnú na hoidhreachta teangeolaíche agus cultúrtha seo a dteastaíonn ionchur ó réimsí éagsúla beartais ina leith. Níl sna beartais talamhúsáide ach gné amháin den straitéis iomlán a theastaíonn chun an cuspóir seo a chomhlíonadh. Tá Comhairle Contae Chiarraí tiomanta do chaomhnú agus do chur chun cinn oidhreacht theangeolaíoch na Gaeltachta. Moltar, dá réir sin, d'fhonn freagairtí sonracha beartais a sholáthar do riachtanais aonair agus shainiúla na Gaeltachta nach mór Pleananna Áitiúla Ceantair a sholáthar do na ceantair Ghaeltachta sa chontae thar shaolré an phlean seo. Ba cheart go ndíreodh na Pleananna Áitiúla Ceantair seo ar fhorbairt tuaithe mar aon le lonnaíochtaí aonair, agus trí chomhairliúchán leis an bpobal i gcoitinne ba cheart na beartais phleanála áitiúla a fhorbairt, beartais a theastaíonn chun oidhreacht theangeolaíoch an cheantair a chaomhnú agus a neartú.

9.9.1. Sainíodh na teorainneacha reatha Gaeltachta sa bhliain 1956. Faoi Ordú na Limistéar Gaeltachta, 1956, aithníodh 84 toghroinn ceantair agus codanna 58 toghroinn ceantair eile sna contaetha seo a leanas – Ciarraí, Gaillimh, Dún na nGall, Maigh Eo, Corcaigh agus Port Láirge – mar limistéir Ghaeltachta. Taispeántar na ceantair a aithnítear mar cheantair Ghaeltachta ar Léarscáil 9.1.
Tuigeann Comhairle Contae Chiarraí an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge i gCiarraí, lasmuigh agus laistigh den Ghaeltacht, agus tacóidh an Chomhairle le húsáid na Gaeilge trí sheirbhísí breise a fhorbairt trí Ghaeilge mar atá sonraithe i Scéim Gaeilge 2008-2011.



Map 9.2 **Gaeltacht Areas June 2008**
Draft áiteanna Ghaeltachta Meitheamh 2008
Léarscáil Uimh 9.2

9.9.2. I gContae Chiarraí, áiríonn na ceantair Ghaeltachta réimsí fairsinge i leithinis Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh, agus is ionann é sin agus cuid thábhacht de thraidisiún teangeolaíoch, sóisialta agus cultúrtha an chontae. Ceantair shaibhre iad seo freisin maidir leis an traidisiún, béaloideas, scríbhneoireacht, ceol agus suímh stairiúla agus sheandálaíocha. Ní mór gach iarracht is féidir a dhéanamh chun traidisiún na Gaeltachta a chaomhnú agus a chothabháil.

9.9.3. Lena chois sin, acmhainn thábhachtach iad na ceantair Ghaeltachta bunaithe ar áilleacht nádúrtha na gceantar sin. Áiríonn siad réimsí de chósta garbh agus radharc tíre fíor-álainn. Ciallaíonn sé seo go dtugann go leor cuairteoirí cuairt ar an gceantar Gaeltachta seo, go háirithe i rith an tsamhraidh.

9.9.4. Le blianta beaga anuas, tá an Chomhairle forghníomhach maidir le ceantair Ghaeltachta Chiarraí a chur chun cinn. Mar aitheantas ar an tábhacht a bhaineann leis an mBlascaod Mór maidir leis an traidisiún liteartha agus stairiúil, rinne an Chomhairle iarracht réamhghníomhach a chinntiú go gcaomhnaítear an t-oileán. Thacaigh an Chomhairle le bunú Fhóram an Bhlaoscaid Mhóir in 2001, agus é mar chuspóir cur chuige comhaontú-bhunaithe a fhorbairt i ndáil le plean bainistíochta don oileán – plean ar thacaigh an Chomhairle leis. Lena chois sin, tá sé mar aidhm le Scéim Gaeilge Chomhairle Contae Chiarraí 2008-2011 soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn i measc phobal na Gaeltachta. Tá bearta forghníomhacha den chineál sin tábhachtach, d'fhonn féachaint chuige go mairfidh an Ghaeilge agus an cultúr Gaeltachta a ghabhann léi slán

9.9.5. Sócmhainní tábhachtacha don cheantair iad forbairtí taitneamhachtaí ar nós Ionad Léirithe an Bhlaoscaid Mhóir, Ionad Oidhreachta ag Baile an Fheirtéaraigh, *the Skellig Experience* agus Tionscadal Dhún Géagáin / Cill Rialaig mar aon le taitneamhachtaí tábhachtacha i ndáil le léargas a thabhairt ar oidhreacht shaibhir Chiarraí agus taitneamhachtaí a bhfuil an-tóir ag cuairteoirí orthu.

Caomhnú na Gaeilge

9.9.6. Is den tábhacht é go bhfuil beartais laistigh den phlean leathan agus uilechuimsitheach a dóthain chun straitéisí agus tionscnaimh a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo a éascú.

9.9.7. Is féidir na príomhfhachtóirí nach mór a chur san áireamh a chur sna catagóirí seo a leanas:

- Déimeagrafaic
- Teastaíonn daonra sách mór chun an teanga a choimeád ina teanga bheoga
- Teastaíonn daonra le haoisghrúpa éagsúil ionas nach smaoinítear ar an teanga mar theanga atá á labhairt ag dreamanna níos sine den daonra
- Teastaíonn daonra mór óige chun inmharthanacht na teanga a chinntiú san fhadtréimhse
- Teastaíonn daonra nach mbeadh méid na himirce isteach chomh mór sin is go laghdódh sé úsáid na teanga, nó nárbh fhéidir na hinimircigh a shú isteach i bpobal na Gaeilge.
- Tosca Geilleagracha
- Geilleagar beoga, i slí is go mbeidh deis fónta ag pobal bundúchasach na háite fanacht in gceantair Ghaeltachta
- Gníomhaíocht gheilleagrach ar scála nach n-éileodh líon mór oibrithe inimirceacha gan Ghaeilge
- Áiseanna

- Réimse áiseanna a sholáthródh deis fónta maidir le Gaeilge a mhúineadh do réimse aoisghrúpaí agus do dhaoine as cúlraí éagsúla
- Áiseanna a dhéanfadh soláthar do riachtanais an phobail maidir idirghníomhú lena chéile i dtimpeallacht ina mbeadh na himeachtaí as Gaeilge
- Áiseanna a dhéanfadh foráil d'úsáid na Gaeilge chun gnó laethúil a dhéanamh.
- Leordhóthain áiseanna chun oidhreacht na Gaeltachta, idir theanga agus chultúr a chur i láthair i modh téagartha, fíor do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon.
- Meáin a sholáthar do chumarsáid as Gaeilge, idir phoiblí agus phríobháideach.
- Bonneagar
- An Ghaeilge a léiriú mar chuid den chultúr agus i ndéantáin an cheantair, cosúil le:
  - Foirgnimh
  - Struchtúir eile
  - Comharthaí poiblí
  - Comharthaí príobháideach
  - Léarscáileanna agus faisnéis chomhchosúil

Mar a luadh cheana, ní mór a mheabhrú gurb é an rud is mó is féidir leis an údarás pleanála, i gcomhthéacs na reachtaíochta pleanála, tacú leis na córais agus an timpeallacht phleanála a sholáthar inar féidir torthaí cuí a bhaint amach.

9.9.8. Tá réimse mór den Ghaeltacht ar ardchaighdeán ó thaobh amhairc de agus, dá bhrí sin, tá brú suntasach forbartha ar an nGaeltacht i ndáil le tithe saoire agus daoine ar mian leo cur fúthu sa Ghaeltacht go buan. Mar gheall ar bhrú forbartha mar sin, ní féidir nach mbeadh tionchar ar inmharthanacht na Gaeilge ag daoine isteach gan Ghaeilge. Tá sé den tábhacht áiseanna a chur ar fáil mar éascaíodh do dhaoine ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim.

9.9.9. Is den tábhacht é go gcinntítear go dtéann forbairtí ar bith a aithnítear sna ceantair Ghaeltachta chun tairbhe na Gaeilge agus pobail Ghaeilge Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh.

9.9.10. Tá an Chomhairle tar éis grúpa oibre 'Meitheal Logainmneacha Chiarraí' a chruthú mar thaca do lucht forbartha agus do lucht tógála maidir le hainmneacha oiriúnacha áitiúla thabhairt ar eastáit tithíochta agus ar ghnóthaí. Agus iad ag cabhrú le pobail áitiúla maidir lena bhféiniúlacht a thuiscint, déanfaidh an grúpa taighde ar réimsí le forbairt agus cuirfidh roghanna ar fáil do lucht forbartha agus do ghnóthaí faoi ainmneacha ar ar féidir stair áitiúil agus tréithiúlacht an chontae a shonrú.

9.9.11. Léiríonn ceantair áirithe laistigh den Ghaeltacht traidisiúin agus cultúr ar leith an cheantair. Tugann An Blascaod Mór go háirithe, lena dtraidisiún litríochta agus de shaol na n-oileán, léargas ar thraidisiún cultúrtha a mbaineann tábhacht náisiúnta léi.

9.9.12.Cuireadh na cuspóirí seo a leanas i dtoll a chéile bunaithe ar na saincheisteanna thuasluaite. Meastar gur cheart na cuspóirí seo a chur i bhfeidhm sa chontae trí chéile áit ar cuí.

Cuspóir Uimh.	Spreagadh na Gaeilge
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
SG 9-39	Soláthar áiseanna chun teagasc na Gaeilge a éascú.
SG 9-40	Áiseanna léirithe do chaitheamh aimsire traidisiúnta agus cultúir trí mheán na Gaeilge a éascú..
SG 9-41	Soláthar tithíochta ag cumainn tithíochta agus eile do dhaoine arb í an Ghaeilge a rogha teanga a éascú.
SG 9-42	Soláthar infreastruchtúir ar mhaithe le forbairt gheilleagrach an chontae a éascú ar bhonn inbhuanaithe.
SG 9-43	Aird a dhíriú ar chainteoirí neamh-Éireannacha a thagann chun cónaí i gceantair Ghaeltachta de réir a chéile.
SG 9-44	A aithint nach mór go n-úsáidfí íocóin agus siombailí a aithnítear go hidirnáisiúnta i gceantair Ghaeltachta.
SG 9-45	Iarratais phleanála d'fhorbairt i gceantair Ghaeltachta a mheas i dtéarmaí na n-éifeachtaí ar dócha a bheadh ag a leithéid d'fhorbairt ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht.
SG 9-46	A éileamh go mbeadh measúnú ar an tionchar teangeolaíoch le gach iarratas mór pleanála i gceantair Ghaeltachta agus modheolaíocht shoiléir mheasúnachta a fhorbairt thar thréimhse an phlean.
SG 9-47	Pleananna Áitiúla Ceantair a fhorbairt do cheantair Ghaeltachta an chontae thar thréimhse an phlean seo.
SG 9-48	Úsáid a bhaint as leagan Gaeilge na logainmneacha Gaeilge de réir an Ordaithe Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004
SG 9-49	Thar thréimhse an phlean, beartas soiléir a fhorbairt i ndáil le tithíocht shóisialta agus ar phraghas réasúnta agus riachtanais Ghaeilge.

An Blascaod Mór

9.9.13 “Taisce Náisiúnta é an t-oileán. Is oileán álainn é seo, oileán ar leith agus áit speisialta lena mbaineann saibhreas d'oidhreacht theangeolaíoch agus luach oidhreachta nach mór déileáil leis go cúramach agus go cuí. Meastar gur Oileán beo a bheidh san Oileán seo amach anseo - Oileán a thacóidh lena éiceolaíocht féin agus an líon beag daoine a mbaineann a bpost le caomhnú, cur i láthair agus luach oideachais an oileáin. Meastar gur cuid ríthábhachtach de

phobal áitiúil Dhún Chaoin é todhchaí an oileáin, mar aon le dlúthchuid de shaol phobal Leithinis an Daingin trí chéile. Beidh cóiríocht ar fáil ar an Oileán don líon beag daoine nach mór dóibh cónaí ar an Oileán, dóibh siúd atá ag obair ar an Oileán agus do líon teoranta cuairteoirí. Ba cheart go mbeadh an t-oileán inrochtaine do chách faoi réir na rialuithe seo. Níor cheart ach na háiseanna a theastaíonn le maireachtáil a thógáil ar an Oileán, áiseanna a theastaíonn uathu siúd atá ag obair ar an Oileán, agus áiseanna a theastaíonn le freastal ar riachtanais chuairteoirí".
*Foinse: Plean Bainistíochta an Bhlascaoid Mhóir 2004

Cuspóir Uimh.	An Blascaod Mór
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
SG 9-50	Iniúchadh a dhéanamh i rith thréimhse an phlean seo ar ainmniúchán an Bhlascaoid Mhóir mar Shuíomh Oidhreachta Domhanda.
SG 9-51	Aird a dhíriú ar na prionsabail atá le fáil i bPlean Bainistíochta an Bhlascaoid Mhóir 2004 nuair a bheidh beartais phleanála Talamhúsáide á bhforbairt don Oileán:
SG 9-52	A chinntiú go leagtar béim ar an nGaeilge ar an Oileán.
SG 9-53	Tacú le cur i bhfeidhm Phlean Bainistíochta an Bhlascaoid Mhóir.

Tionscal & Fostaíocht

9.9.14. Uaireanta baineann dúshláin ar leith le tionscal a mhealladh i dtreo na Gaeltachta bunaithe ar imeallacht na gceantar seo, easpa seirbhísí bunúsacha agus deacrachtaí lucht oibre a aimsiú. Tá raon leathan tionscal, cuideachtaí agus deiseanna fostaíochta cruthaithe ar fud cheantair Ghaeltachta Chiarraí, áfach. Chabhraigh Údarás Na Gaeltachta le cuid mhór de na fiontair sin.

Cuspóir Uimh.	Tionsclaíocht agus Fostaíocht
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
SG 9–54	Cuspóir de chuid na Comhairle é comhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta agus comhlachtaí leasmhara eile i soláthar fostaíochta agus seirbhísí do na ceantair Ghaeltachta.

Turasóireacht

9.9.15. Tá méadú suntasach tagtha ar an leibhéal agus ar an gcaighdeán de chóiríocht turasóireachta. Is é a bhí mar thoradh air seo go raibh níos mó turasóirí ag fanacht sna ceantair Ghaeltachta, rud a chuaigh chun tairbhe an gheilleagair áitiúil.

Cuspóir Uimh.	Turasóireacht
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
SG 9-55	Cuspóir de chuid na Comhairle é gníomhaíochtaí turasóireachta sa Ghaeltacht a fhorbairt agus iarracht a dhéanamh tionchar díobhálach ar bith ar an nGaeilge nó ar chultúr na gceantar Gaeltachta de dheasca a leithéid d'fhorbairtí a sheachaint.

Bonneagar

9.9.16. Tá cuid den taobh tíre is áille sa Tír le fáil i gceantair Ghaeltachta Chiarraí. Tá fianaise de seo le fáil i líon na dturasóirí a thugann cuairt ar an áit gach bhliain Eascraíonn deacrachtaí áirithe as an méadú séasúrach sin ar an daonra maidir le bonneagar leordhóthaineach a sholáthar. Dá bhrí sin, ní mór go mbeadh caighdeán an infreastruchtúir atá á sholáthar, níos fearr ná mar a bheadh ag teastáil ón daonra dúchasach agus ní mór go mbeadh sé in ann freastal ar riachtanais shéasúracha freisin. Tá sé den tábhacht, áfach, go gcuirfear an bonneagar sin ar fáil ar chúiseanna éagsúla.Áirítear ina measc sin: Áirítear ina measc sin

- timpeallacht ghlan a choimeád
- na tionchair atá ag imeallacht ar na réigiúin a laghdú
- rochtain shábháilte agus éifeachtach ar an gceantar a sholáthar do thurasóirí
- cáilíocht beatha an daonra dhúchasaigh a fheabhsú agus a chinntiú go mbeidh fonn ar dhaoine cur fúthu sna ceantair seo
- na cúinsí cuí a sholáthar d'fhorbairt tionscail

Cuspóir Uimh.	Bonneagar
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
SG9-56	Cuspóir de chuid na Comhairle é infreastruchtúr oiriúnach a fhorbairt sna ceantair Ghaeltachta.